



**Saoire Thuismitheora Féach Tearmaí & Coinníollacha Fostaíochta Do Mhúinteoirí Cáilithe I mBunscoileanna agus Méanscoileanna Aitheanta**

**Imlitir 17/99**

**Chuig: An tÚdarás Bainistíochta de gach Meánscoil agus de gach Scoil Phobail agus Chuimsitheach**

**Saoire Thuismitheora agus Saoire um Force Majeure d'Oidí i Scoileanna Dara Leibhéal**

San Imlitir seo tugtar achoirme de phríomhfhóralacha an Achta 1998 um Shaoire Thuismitheora chomh fada is a bhaineann sé le hoidí. Ní léirmhíniú dlíthiúil é den Acht féin.

**1.0 An tAcht um Shaoire Thuismitheora**

- 1.1 Tugadh éifeacht den Acht 1998 um Shaoire Thuismitheora ar 3 Nollaig 1998. Faoi théarmaí an Achta, tá oide i dteideal saoire Thuismitheora ar feadh tréimhse de cheithre sheachtain déag oibre más tuismitheoir nádúrtha nó uchtaithe de pháiste an t-oide sin.
- 1.2 Is é an aidhm atá leis an tsaoire ná chun a chur i gcumas tuismitheora aire a thabhairt don pháiste.

**2.0 Teideal ar Saoire Thuismitheora**

- 2.1 Ní bhainfidh teideal ar saoire thuismitheora ach le tuismitheoirí i leith páiste a rugadh ar 3 Meitheamh 1996 nó ina dhiaidh sin nó a rinneadh a uchtú ar an dáta sin nó ina dhiaidh.
- 2.2 Tiocfaidh críoch ar saoire thuismitheora
- (a) tráth nach déanaí ná an lá ina sroicheadh an páiste úd cúig bliana d'aois,  
nó
- (b) gan a bheith níos déanaí ná deireadh na tréimhse de dhá bhliain ag tosú ar an dáta sin i gcás páiste go mbaineann ordú uchtaithe ina leith agus go raibh trí bliana d'aois slánaithe aige/aice ach nach raibh ocht mbliana d'aois slánaithe aige/aice ar dháta an ordaithe sin nó roimhe sin
- 2.3 Tá gach tuismitheoir i dteideal saoire thuismitheora ar leith óna p(h)ost a ghlacadh. Mar sin féin níl an tsaoire inaistrithe, i.e. ní féidir leis an máthair saoire a céile a thógáil nó vice-versa.

**3.0 Intofacht le haghaidh Saoire Tuismitheora**

- 3.1 Ní mór bliain amháin leantach de sheirbhís teagaisc a bheith slánaithe le húdarás bainistíochta ag oide sar a bhféadfaí saoire thuismitheora a ghlacadh. Mar sin féin, sa chás nach mbeadh bliain amháin d'fhostaíocht leantach slánaithe ag an oide leis an údarás bainistíochta ar an lá ba dhéanaí le haghaidh tús a chur le tréimhse saoire thuismitheora ach go mbeadh trí mhí de a leithéid d'fhostaíocht slánaithe aige/aice, beidh

an t-oide i dteideal saoire thuismitheora a ghlacadh a bheadh ionann le tréimhse de sheachtain amháin in aghaidh gach míosa d'fhostáiocht leantach a bheadh slánaithe leis an bhfostóir ag uair tosaithe na saoire.

- 3.2 Níl oidí i dteideal íocaíochta fad a bhíonn siad as láthair ar saoire thuismitheora. Sa chás go nglacann oide saoire thuismitheora roimh thréimhse de shaoire scoile, ní íocfar an t-oide sin ach ón dáta ina dtagann críoch leis an tsaoire thuismitheora mar atá deimhnithe ar an "gcáipéis dearbhaithe." Sa chás go nglacann oide saoire thuismitheora díreach tar éis thréimhse de shaoire scoile, ní íocfar an t-oide ach suas chomh fada le dáta tosaithe na saoire thuismitheora mar atá deimhnithe ar an "gcáipéis dearbhaithe" (Féach Alt 5.3). Ní mór cóip den "gcáipéis dearbhaithe" a chur i láthair na Roinne i gcás oidí atá fostaithe i Meánscoileanna agus i Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha nó i láthair na CGO i gcás na n-oidí atá fostaithe acu siúd.

Sa chás go ligtear d'oide dul ar saoire thuismitheora roimh thréimhse de shaoire scoile agus go ligtear don oide céanna thréimhse sa bhreis de shaoire thuismitheora tar éis na thréimhse céanna de shaoire scoile, áireofar iad mar dhá thréimhse ar leith de shaoire.

- 3.3 Sa chás gur ceapadh oide le haghaidh téarma bhuan agus go dtiocfadh críoch leis an téarma buan sin murach go raibh an t-oide ar saoire thuismitheora, ní leanfaidh an thréimhse de shaoire thuismitheora níos faide ná dáta scoir an téarma bhuan. Ní bheidh tionchar dá laghad ag saoire thuismitheora a ghlacadh nó a bhronnadh ar dháta scoir de cheapachán um théarma buan. Oide a fhilleann ar an mhúinteoireacht tar éis neamhláithreach ar shosghairm de dhá scoilbhliain iomlána agus a lorgaíonn saoire thuismitheora, ní mór don oide sin teastas oiriúnacht, a dhearbhaíonn go bhfuil an t-oide in ann dualgais teagaisc a chomhlíonadh, a chur i láthair roimh chead a fháil saoire thuismitheora a ghlacadh.
- 3.4 Níl sé ceadaithe d'oidí ar saoire thuismitheora dul i mbun chineál teagaisc ar bith.
- 3.5 Beidh sé de chead ag an údarás bainistíochta oide mar ionadaí a fhosú fad a bheidh oide as láthair ar saoire thuismitheora gan pá.

#### **4.0 An Tréimhse de Shaoire Thuismitheora is Féidir a Ghlacadh**

- 4.1 14 seachtain de shaoire gan pá le haghaidh gach páiste a saolaíodh ar 3 Meitheamh 1996 nó níos déanaí ná sin, sin an méid saoire thuismitheora a bheidh ar fáil. Sa chás go mbeidh oide i dteideal saoire thuismitheora a ghlacadh i leith níos mó ná páiste amháin, gan ilsaoluithe san áireamh, ní bheidh sé ceadaithe, gan ceadú an údaráis bhainistíochta, an thréimhse de shaoire thuismitheora a bheidh níos mó ná ceithre seachtaine déag i dtréimhse ar bith de 12 mí.

Ní bhaineann an ceangal sin le ilsaoluithe.

- 4.2 Glacfaidh oide an tsaoire thuismitheora mar a leanas:
- (a) mar thréimhse leantach de cheithre seachtaine déag, nó
  - (b) mar dhá thréimhse ar leith de sheacht seachtaine, nó
  - (c) mar thrí thréimhse ar leith ar a mhéad, ceann amháin díobh dhá sheachtain ar a laghad ar fhad agus ceann eile ceithre seachtaine ar a laghad ar fhad. Déantar na teaglaim a bhreacrianú in Aguisín A.
  - (d) i gcúinsí eisceachtúla is féidir le hoide saoire thuismitheora a ghlacadh áit a mbeidh fadhb ar leith leighis ag cur as den pháiste agus de thoradh na faidhbe sin go mbeadh ar an oide an páiste a thionlacan go rialta chuig ospidéal nó clinic. Sna cásanna sin ní mór deimhniú ón ospidéal nó ón gclinic i leith a leithéid de neamhláithreachtaí a chur faoi bhráid an údaráis bhainistíochta. Ní mór cloí le téarmaí na hImlitreach i gcás a leithéid de shaoire a cheadú.
- 4.3 Ní bheidh sé de dhualgas ar oide gach ceann de na ceithre seachtaine déag de shaoire thuismitheora a ghlacadh.
- 4.4 Sa chás go dtiteann saoire phoibli le linn thréimhse na saoire thuismitheora, déanfar na laethanta sin a shuimiú do thréimhse na saoire thuismitheora a bheidh i dteideal an oide a ghlacadh.

## **5.0 Fógra de dhíth roimh Shaoire Thuismitheora a Ghlacadh**

- 5.1 Tá an ceadú ar saoire thuismitheora beann ar fhógra a fháil ón oide i scríbhinn don údarás bainistíochta chomh luath is atá sé praiticiúil réasúnta ach tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh an tús dáta atá molta don tsaoire thuismitheora.
- 5.2 Ní mór don bhfógra i scríbhinn, sonruithe a thabhairt ar an dáta ar a bhfuil ar intinn an oide an tsaoire thuismitheora a thosú, fad ama na saoire, an modh ina bhfuil ar intinn an oide an tsaoire a ghlacadh mar aon le ainm agus dáta beireatais an pháiste.
- 5.3 Ní mór don údarás bainistíochta agus don oide "cáipéis dearbhaithe" a ullmhú tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh tús na saoire tuismitheora agus a lua sa cháipéis sin dáta tosaithe na saoire, an fad ama a leanfaidh sí ar aghaidh agus modh a feidhmithe. Ní mór don údarás bainistíochta agus don oide araon "an cháipéis dearbhaithe" a shíniú agus cóip de a choimeád. Agus "an cháipéis dearbhaithe" a bheith sínithe, ní féidir leasú ar bith a dhéanamh uirthi gan comhaontú an dá pháirtí.

## **6.0 Saoire Thuismitheora a chur ar Athló**

- 6.1 D'fhéadfadh an t-údarás bainistíochta an tsaoire thuismitheora a chur ar athló dá mbeadh mí-éifeacht bhunúsach ag a leithéid de shaoire ar fheidhmiú na scoile - dá dtarlódh, mar shampla, nach raibh an t-údarás bainistíochta in ann ionadaí don oide a fhostú ar feadh tréimhse na neamhláithreachta. Is féidir go bhféadfaí an tsaoire a chur ar athló go dtí dáta comhaontaithe tráth nach déanaí ná 6 mí ón dáta ar socraíodh air cheana chun tús a chur leis an tsaoire thuismitheora. Roimh an athló ar an tsaoire thuismitheora a fhógairt, ba chóir don údarás bainistíochta dul i gcomhairle leis an oide maidir leis an athló a bheadh i gceist agus an cinneadh a chur in iúl don oide, i scríbhinn, tráth nach déanaí ná ceithre seachtaine roimh tús na saoire a bhí socraithe cheana féin ag an oide.

## **7.0 Cearta Fostaíochta a Choinneáil le linn Saoire Tuismitheora**

- 7.1 I gcás oide a bheadh ar phromhadh ag tús na saoire tuismitheora, cuirfear an tréimhse phromhaidh ar fionraí fad a leanfaidh an neamhláithreacht um shaoire thuismitheora agus déanfar é a chomhshlánú iar bhfillleadh an oide don mhúinteoireacht. Cuirfear an t-eagar seo i bhfeidhm más i dtuairim an údarás bhainistíochta nach mbeadh neamhláithreacht an oide comhsheasmhach leis an bpromhadh a fhágáil i bhfeidhm.
- 7.2 Daoine a bheadh ag cur isteach ar Chlárú mar Mheánoide, bheadh ar an duine sin taithí theagaisc bliana amháin a chomhlíonadh taobh amuigh de neamhláithreacht ar bith ar saoire thuismitheora.
- 7.3 Taobh amuigh a bhfuil breacrianaithe in ailt 7.1 agus 7.2, is oide i bhfostaíocht é/í, d'aon ghnó, (seachas teideal ar thuarastal agus ar thairbhí Aoisliúntais) oide ar saoire thuismitheora. Áirítear an neamhláithreacht go hiomlán, mar sin, le haghaidh gach gnó ina n-áirítear sinsearach, cearta painéil a chinneadh etc. Tá oide buan ar saoire thuismitheora i dteideal fógra a fháil maidir le folúntas um Phoist Chúraim atá le líonadh sa scoil.
- 7.4 Ní féidir déileáil le saoire thuismitheora mar chuid de shaoire ar bith eile ina n-áirítear saoire bhreiteachta, saoire mháithreachais agus saoire uchtaithe.

## **8.0 Saoire Force Majeure le haghaidh Éigeandálaí Teaghlaigh**

- 8.1 Íoctar as saoire force majeure agus ní hionann í agus saoire thuismitheora. Tá teorainn de 3 lá i ngach 12 mí nó 5 lá i ngach 36 mí uirthi. Baineann saoire force majeure le ocaídí ina mbeidh sé riachtanach don bhfostaí a bheith i láthair in éineacht leis an mball teaghlaigh de thoradh cúiseanna práinneacha teaghlaigh mar ghortú nó mar bhreiteacht ar bhall teaghlaigh a bheadh gar i ngaol don bhfostaí. De réir téarmaí an Achta déantar "ball teaghlaigh" a shainmhíniú mar pháiste nó mar pháiste uchtaithe, mar chéile nó mar dhuine ag a bhfuil an fostaí ag maireachtáil mar chéile, mar dhuine ag a bhfuil an fostaí ag feidhmiú mar loco parentis, mar dheartháir nó dheirfiúr nó thuismitheoir nó sheanathair nó sheanmháthair.
- 8.2 Tá an áis cheana féin ag oidí saoire ar phá a ghlacadh le haghaidh na neamhláithreachtaí sin ag a mbaineann saoire um Force Majeure mar a thagraítear in Alt 8.1. Leanfar leis na heagair, mar atá, i leith saoire

speisialta le pá a fheidhmiú le haghaidh neamhláithreachtaí faofa ach ní dhéanfar méadú ar an líon de laethanta a cheadaítear de thoradh saoire Force Majeure a thionscnamh.

## **9.0 Conspóidí agus Achomhairc**

- 9.1 Is féidir conspóidí agus achomhairc maidir le saoire thuismitheora (agus maidir le saoire um Force Majeure) a cur faoi bhráid coimisinéara na gcearta, go ginearálta. Tá sé de chumhacht ag coimisinéir na geartha éisteacht leis na páirtithe faoi chonspóid agus glacadh le pé fianaise a chuirfear chuige. Ní mór fógra i leith na conspóide a thabhairt do Choimisinéir na gCearta chomh luath is a cheaptar réasúnta iar dtarlú na conspóide ach, ar chúinse ar bith, tráth nach déanaí ná 6 mí iar dtarlú an eachtra.
- 9.2 Sa chás go mbeadh páirtí ar bith míshásta le breith Choimisinéara na gCearta, soláthraíonn an tAcht go mbeadh ceart achomhairc ar fáil don Bhinse Breithimh um Achomhairc Fostaíochta.
- 9.3 Is féidir le Coimisinéir na gCearta nó Binse Breithimh um Achomhairc Fostaíochta a leithéid de cheartú a ordú a bheadh iomchuí agus d'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm saoire thuismitheora nó i bhfoirm cúitimh airgeadais (chomh fada suas le tuarastal de 20 seachtain ar a mhéad don bhfostaí ar leith sin.)

## **10.0 Taifid**

- 10.1 Ní mór d'údarás bainistíochta taifead a choimeád de shaoire thuismitheora agus den tsaoire um Force Majeure a ghlac gach oide agus a shonrú sa taifead sin tréimhse na fostaíochta de gach oide mar aon leis na dátaí agus na hamanna inar glacadh saoire thuismitheora agus saoire um Force Majeure. Ní mór a leithéid de thaifid a choinneáil ar feadh 8 bliain. Faoi théarmaí an Achta 1998 um Shaoire Thuismitheora is féidir fineáil de £1500, ar a mhéad, a ghearradh ar údarás bainistíochta a theipeann air a leithéid de thaifid a choinneáil más ciontach an bhreith a thugtar.
- 10.2 Ní mór gach cóip de na fógraí, a bhíonn de dhíth ag an Acht, a choimeád ag an oide agus ag an údarás bainistíochta ar feadh bliana amháin.

## **11.0 Saoire Thuismitheora a Scaoileadh**

- 11.1 Agus saoire thuismitheora dá bronnadh aige, ba chóir don údarás bainistíochta a bheith sásta go bhfuil an t-oide i dteideal a leithéid agus a bheith sásta, freisin, nár bronnadh cheana í. Is féidir le húdarás bainistíochta an tsaoire thuismitheora a scaoileadh má bhíonn cúiseanna réasúnta aige go bhfuiltear ag baint feidhme as an tsaoire i ngnó eile seachas aire a thabhairt don pháiste i gceist. Mar sin féin, ní mór don údarás bainistíochta, roimh chríoach a chur leis an tsaoire, fógra a thabhairt don oide, i scríbhinn, go bhfuil a leithéid ar intinn aige a dhéanamh agus deis a thabhairt don oide a scéal féin a chur i láthair taobh istigh de 7 lá. Beidh sé de dhualgas ar an údarás bainistíochta aighneacht an oide a chur san áireamh sar a ndéanfaí cinneadh an tsaoire a scaoileadh.
- 11.2 Ní mór do dháta an scaoilte gan a bheith níos déanaí ná dáta scoir na tréimhse saoire mar a bheadh léirithe san ordú dearbhaithe agus gan a bheith níos luaithe ná 7 lá tar éis an fógra a bheith tugtha. Sa chás go scaoiltear an tsaoire, fillte an t-oide ar obair. Tréimhse ar bith idir dáta fillte an oide ar obair agus an dáta scoir a bheadh ann iar gcomhlánú na saoire i gceart ag an oide, ní chuirfear an tréimhse sin san áireamh mar shaoire thuismitheora.

## **12.0 Eagair um Leas Sóisialta**

- 12.1 Oidí ar saoire thuismitheora agus atá faoi dhéan arachais shóisialta, beidh na hoidí sin i dteideal creidmheas a fháil ar ranníocaíochtaí ASPC ón Roinn Sóisialta, Comhphobail agus Gnóthaí Teaghlaigh. Sa tslí sin coimeádfar na taifid slán le haghaidh gnéithe arachais. Ba chóir d'oidí dul i gcomhairle go díreach leis an Roinn Sóisialta, Comhphobail agus Gnóthaí Teaghlaigh chun a dheimhniú go bhfuil na creidmheasanna oiriúnacha dá gcur i bhfeidhm.

## **13.0 Ranníocaíochtaí Deonacha**

13.1 Ba chóir do na hoidí na heagair riachtanacha a dhéanamh leis na heagraíochtaí iomchuí le haghaidh ranníocaíochtaí deonacha a íoc le linn neamhláithreachtaí ar saoire thuismitheora.

#### **14.0 Foirmeacha Fógra agus an Cháipéis Dearbhaithe**

14.1 Ta cóip

- (a) den bhfoirm iarratais le haghaidh Saoire Tuismitheora
- (b) den bhfoirm fógra le haghaidh Saoire um Force Majeure
- (c) den gcáipéis dearbhaithe

faoi iamh mar Aguisíní B, C agus D.

#### **15.0 Athbhreithniú**

15.1 Is féidir feidhmiú na scéime um shaoire thuismitheora a athbhreithniú sa todhchaí le comhaontú na Roinne mar aon leis na hionadaithe bainistíochta agus ceardchumann.

#### **16.0 Cóipeanna na hImlitreach**

16.1 Iarrtar ort a dheimhniú go soláthrófar cóipeanna den Imlitir seo don bhfoireann teagaisc agus do gach ball den Bhord Bainistíochta.

S. Ó Duineacha  
Rúnaí Ginearálta  
Meitheamh 1999

## AGUISÍN A

Is é seo thíos an teaghlaim de thréimhsí inar féidir Saoire Thuismitheora a ghlacadh:

i        2 seachtain × 1 4 seachtain × 1 8 seachtain × 1

ii       2 seachtain × 1 5 seachtain × 1 7 seachtain × 1

iii      2 seachtain × 1 6 seachtain × 1 6 seachtain × 1

**IARRATAS AR SAOIRE UM FORCE MAJEURE**

**DON ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA**

\_\_\_\_\_

Tá \_\_\_\_\_ (LUAIGH D'AINM)

UPSP\* \_\_\_\_\_

UIMHIR PHÁROLLA 00 \_\_\_\_\_

fostaithe faoi láthair ag an SCOIL DARB AINM \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

SEOLADH SCOILE \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

UIMHIR ROLLA \_\_\_\_\_

agus iarraim anois ar Saoire um Force Majeure ar na cúiseanna a leanas

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

ó \_\_\_\_\_ go dtí \_\_\_\_\_

*Dearbháim go bhfuil na sonraí atá tugtha agam thuas fíor agus iomlán agus nach bhfuil sárú déanta agam ar mo theideal ar Shaoire um Force Majeure mar atá léirithe san Imlítir 17/99.*

Síniú an iarratasóra: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

\*Seasann UPSP do Uimhir Phearsanta um Sheirbhís Phoiblí. Is é ASPC a bhíodh uirthi cheana.





## IARRATAS AR SHAOIRE DO THUISMITHEOIRÍ

### OIDÍ IARBHUNOIDEACHAIS

#### **CUID 1**

(LE COMHLÁNÚ AG AN OIDE)

Scoil: \_\_\_\_\_ Uimh. Rolla \_\_\_\_\_

Ainm: \_\_\_\_\_

Seoladh Baile: \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ Uimh. Theil. Bhaile: \_\_\_\_\_

UPSP:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

Leis seo déanaim iarratas ar Shaoire do Thuismitheirí i leith (SCRÍOBH ISTEACH AINM AN PHÁISTE):

\_\_\_\_\_ Dáta beireatais an pháiste \_\_\_\_\_  
**(Ba chóir Teastas Beireatais an pháiste mar aon le, más infheidhme í, fianaise, maidir le hordú uchtaíthe an pháiste, a ghreamú leis an iarratas seo).**

Tá sé ar intinn agam saoire a ghlacadh de réir na hImlitreach 17/99 mar a leanas:

*(Ar mhiste tic a dhéanamh)*

Bloc leanúnach amháin de 14 seachtain

I ndá thréimhse ar leith de 7 seachtain

I dtrí thréimhse ar leith ar a mhéad de réir ceann amháin de na teaglamaí seo: (ar mhiste tic a cur do rogha)

1 x 2 seacht; 1 x 4 seacht; 1 x 8 seacht  1 x 2 seacht; 1 x 5 seacht; 1 x 7 seacht

1 x 2 seacht; 1 x 6 seacht; 1 x 6 seacht

**Seo thíos na dátaí a bhaineann leis an tsaoire do thuismitheoirí:**

Líon seacht:  Ó \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_

Líon seacht:  Ó \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_

Líon seacht:  Ó \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_

Dearbhaím leis seo nach bhfuil mo theideal ar Shaoire do Thuismitheoirí le haghaidh an pháiste, atá ainmnithe thuas, ídithe agam cheana féin agus nach bhfuil Saoire do Thuismitheoirí faighte agam ó fhostóir eile.

Síniú an Oide \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

**Ar mhiste an fhoráil de Mhír 5 den Imlitir 17/99 a nótaíl maidir leis an bhfógra atá de dhíth ar Shaoire do Thuismitheoirí a ghlacadh.**

**CUID 2**

**DOICIMÉAD DEARBHAITHE**  
(LE COMHLÁNÚ AG AN ÚDARÁS BAINISTÍOCHTA)

Deimhním leis seo gur bronnadh Saoire do Thuismitheoirí ar

\_\_\_\_\_

UPSP:

--	--	--	--	--	--	--	--	--	--

i leith (ainm an pháiste a scríobh síos) \_\_\_\_\_

Dáta beireatais an pháiste \_\_\_\_\_

***(Ba chóir Teastas Beireatais an pháiste mar aon le, más infheidhme í, fianaise, maidir le hordú uchtaithe an pháiste, a ghreamú leis an iarratas seo).***

Bronnadh Saoire do Thuismitheoirí de réir na hImlitreach 17/99 mar a leanas:

Ar mhiste tic a dhéanamh

bloc leanúnach amháin de 14 seachtain

i ndá thréimhse ar leith de 7 seachtain

i dtrí thréimhse ar leith ar a mhéad

Seo thíos an tréimhse bheacht (na tréimhsí beachta) a bhaineann leis an tsaoire do thuismitheoirí:

Líon seacht:  Ó \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_

Líon seacht:  Ó \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_

Líon seacht:  Ó \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_

Síniú an Oide: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Síniú an Údaráis Bhainistíochta: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Ba chóir don iarratasóir ar Shaoire do Thuismitheoirí cóip den doiciméad seo a choinneáil. Tráth an doiciméad seo a bheith sínithe, ní féidir leasú ar bith a dhéanamh air gan chomhaontú an dá pháirtí.

Ar mhiste na forálacha de Mhír 5 den Imlitir 17/99 a nótaíl a shonraíonn gur gá an doiciméad seo a ullmhú agus a chur i láthair na Roinne **tráth nach déanaí ná 4 seachtain** roimh thosú na Saoire do Thuismitheoirí.

**Ránnóg Polasaí Foireann Mheánoidí**  
**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta**  
**Cor na Madadh**  
**Baile Átha Luain**  
**Co. na hIarmhí**

